Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2025
(OR. en)

8379/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0072(NLE)

PROBA 13
AGRI 160
WTO 35

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a mhéid a bhaineann le rialacha nua a leagan síos maidir le nós imeachta i scríbhinn agus rochtain na gcomhaltaí ar chartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a mhéid a bhaineann le rialacha nua a leagan síos maidir le nós imeachta i scríbhinn agus rochtain na gcomhaltaí ar chartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 (‘an Coinbhinsiún’) i gcrích le Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1995. Tugadh an Coinbhinsiún i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana agus cuireadh síneadh leis go tráthrialta.

(2) An 6 Iúil 1995, d’fhormheas an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, arna bhunú le hAirteagal 9 den Choinbhinsiún, na Rialacha Nós Imeachta faoin gCoinbhinsiún (‘na Rialacha Nós Imeachta’).

(3) Leagtar síos le hAirteagal 14 den Choinbhinsiún agus le Riail 19 de na Rialacha Nós Imeachta rialacha maidir le cinnteoireacht arna déanamh ag an gComhairle Idirnáisiúnta Grán. Mar sin féin, níl an chinnteoireacht trí nós imeachta i scríbhinn sainithe go soiléir.

(4) An 16 Nollaig 2024, mhol Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán Rialacha 19 agus 20 de na Rialacha Nós Imeachta a leasú d’fhonn rialacha nua a leagan síos maidir leis an gcinnteoireacht trí nós imeachta i scríbhinn i gcomhair na Comhairle Idirnáisiúnta Grán agus an Choiste Riaracháin arna bhunú le pointe (a) de na Rialacha Nós Imeachta. Is é is cuspóir do na leasuithe sin na coinníollacha maidir le glacadh cinntí trí nós imeachta i scríbhinn a shainiú go soiléir.

---

[1] Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán, 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1996/88/oj).

(5) De réir Airteagal 20 den Choinbhinsiún rialaítear stádas, pribhléidí agus díolúintí na Comhairle Idirnáisiúnta Grán i gcríoch na Ríochta Aontaithe leis an gComhaontú Ceanncheathrún idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, rud a bhí ann, ó thaobh an dlí de, roimh an gComhairle Idirnáisiúnta Grán. Leagtar síos sa Chomhaontú sin go mbeidh cartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán dosháraithe.

(6) An 16 Nollaig 2024, mhol Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán Riail 26 nua maidir le rochtain na gcomhaltaí ar chartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán a chur isteach sna Rialacha Nós Imeachta. Is é is cuspóir don Riail nua atá beartaithe coinníollacha soiléire a bhunú chun go mbeidh na comhaltaí in ann rochtain a fháil ar chartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán agus an nós imeachta chun déanamh amhlaidh a leagan síos. Go háirithe, cheanglófaí le Riail 26 nua gach iarraidh ar rochtain ar chartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán a dhéanamh i scríbhinn agus céannacht an iarratasóra a bheith soiléir.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 62ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a bhunú i ndáil le leasú na Rialacha Nós Imeachta a bhaineann le rialacha nua a thabhairt isteach maidir leis an gcinnteoireacht trí nós imeachta i scríbhinn agus leis na coinníollacha chun go mbeidh na comhaltaí in ann rochtain a fháil ar chartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán. Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe an chaoi a n-oibríonn an eagraíocht a shoiléiriú agus feabhas breise a chur ar thrédhearcacht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais na leasuithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 62ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán vótáil i bhfabhar pointe (c) nua a chur isteach i Riail 19 agus pointe (d) nua a chur isteach i Riail 20 de na Rialacha Nós Imeachta faoin gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 ('na Rialacha Nós Imeachta'), i gcomhréir leis an togra a chuir Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán isteach an 16 Nollaig 2024, arb é is cuspóir dó nós imeachta a leagan síos maidir le cinntí de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta Grán a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 62ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán vótáil i bhfabhar Riail 26 nua a chur isteach sna Rialacha Nós Imeachta, i gcomhréir leis an togra a chuir Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán isteach an 16 Nollaig 2024, arb é is cuspóir dó coinníollacha a shoiléiriú chun go mbeidh na comhaltaí in ann rochtain a fháil ar chartlann na Comhairle Idirnáisiúnta Grán.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---